Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Meitheamh 2017**
**(OR. en)**

**10679/17**

**DEVGEN 153**
**COHAFA 49**
**ACP 72**
**RELEX 571**
**ALIM 9**
**AGRI 359**
**FAO 19**
**SAN 267**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 26 Meitheamh 2017 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10457/17 |
| Ábhar: | An Dara Tuarascáil ar an Dul Chun Cinn i ndáil leis an bPlean Gníomhaíochta maidir leis an gCothú<br>- Conclúidí ón gComhairle (26 Meitheamh 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Dara Tuarascáil ar an Dul Chun Cinn i ndáil leis an bPlean Gníomhaíochta maidir leis an gCothú, a ghlac an Chomhairle ag an 3554ú cruinniú dá cuid, ar an 26 Meitheamh 2017.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Dara Tuarascáil ar an Dul Chun Cinn i ndáil leis an bPlean Gníomhaíochta maidir leis an gCothú**

1. Ag aithint di go bhfuil an míchothú, faoina iomad gné, ar cheann de na dúshláin mhóra dhomhanda sa chomhrac i gcoinne na bochtaineachta agus an neamhionannais mhéadaithigh, agus mar a athdhearbhaíodh sa Chomhdhearcadh nua Eorpach maidir le Forbairt[1], meabhraíonn an Chomhairle go bhfuil an tAontas gona Bhallstáit lántiomanta dó deireadh a chur leis an ocras agus le gach cineál míchothaithe i gcomhréir le Sprioc 2 de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe de Chlár Oibre 2030. Meabhraíonn an Chomhairle di, sa chomhthéacs sin, na conclúidí ábhartha a ghlac sí roimhe seo[2] agus athdhearbhaíonn sí an ábharthacht leanúnach a bhaineann leis an bplean gníomhaíochta maidir leis an gcothú agus lena trí thosaíocht straitéiseacha chun feabhas a chur ar an slógadh agus ar an tiomantas polaitiúil i ndáil leis an gcothú, chun dlús a chur le gníomhaíochtaí ar leibhéal na mBallstát, agus chun feabhas a chur ar an eolas maidir leis an gcothú.

2. Tugann an Chomhairle dá haire an dul chun cinn suntasach a rinneadh chun an cothú a fheabhsú go domhanda, ach tá sí thar a bheith buartha fós ar an ábhar go bhfuil 155 milliún páiste faoi chúig bliana d'aois agus iad fós cranda.

3. Is díol sásaimh don Chomhairle an dara tuarascáil ar an dul chun cinn i ndáil leis an bplean gníomhaíochta ón gCoimisiúin[3] maidir leis an gcothú agus an fhianaise a cuireadh i láthair i ndáil leis an obair ghníomhach atá á déanamh chun gealltanais an Aontais maidir leis an gcothú a bhaint amach. Molann an Chomhairle go háirithe na hiarrachtaí feidhmiúla atá á ndéanamh ag an gCoimisiún chun an clár oibre maidir leis an gcothú a chur chun cinn ar leibhéal domhanda agus ar leibhéal na dtíortha comhpháirtíochta, chomh maith leis an méid suntasach atá á chur aige le raon feidhme na hidirghabhála agus na cistithe, lena n-áirítear an dul chun cinn atá déanta maidir lena ghealltanas airgeadais chun EUR 3.5 billiún a infheistiú sa chothú idir 2014 agus 2016, agus EUR 1.8 billiún dáilte aige cheana féin ar chláir chothaithe idir 2014 agus 2016[4].

---

[1] 10108/17.

[2] Conclúidí ón gComhairle maidir le Slándáil an tSoláthair Bhia agus Slándáil an Chothúcháin i gCúnamh Seachtrach (9328/13); Conclúidí i dtaca leis an bPlean Gníomhaíochta maidir leis an gCothú (16857/14); Conclúidí maidir leis an gcéad tuarascáil dhébhliantúil i ndáil le gealltanais beartais ón Aontas maidir le slándáil an tsoláthair bia agus leis an tslándáil cothaithe a chur chun feidhme (9141/15); Conclúidí maidir le slándáil bia agus cothaithe (10392/16).

[3] 10410/17 - SWD(2017) 239 final.

[4] Is réamhthorthaí fós torthaí na bliana 2016.

4. Tugann an Chomhairle dá haire le teann sásaimh go dtabharfar cosaint ar an gcrandú do mhilliún páiste faoin mbliain 2025 sna tíortha ar thug an Coimisiún tosaíocht dóibh maidir leis an gcothú. Is dúbailt é sin ar an líon a ríomhadh anuraidh agus is maith an tuar é ar an dul chun cinn. Aithníonn an Chomhairle, áfach, maidir leis an gcrandú, nach leor é luas reatha an laghdaithe má táthar leis na cuspóirí domhanda maidir le laghdú an chrandaithe a bhaint amach faoin mbliain 2025[5]. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint lena chuid iarrachtaí cur lena ghealltanais airgeadais agus dlús a chur leis an tacaíocht a thugann sé do thíortha comhpháirtíochta d'fhonn líon na bpáistí atá á gcrandú a laghdú faoi 7 milliún ar a laghad faoin bhliain 2025.

5. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint dá ról gníomhach ar an leibhéal domhanda trí Threoirghrúpa na Gluaiseachta um Chothú a Fheabhsú (SUN) agus trí imeachtaí ardleibhéil a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear an imeacht ardleibhéil maidir leis an gcothú in Milano an 4 Samhain 2017. Ina theannta sin, is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil ról an phríomhdheontóra maidir le SUN glactha anois ag an Aontas i naoi[6]dtír agus go bhfuil sé páirteach go gníomhach i ngluaiseacht SUN i 28 as 42 de thíortha tosaíochta an Aontais maidir leis an gcothú. Ag an am céanna, molann an Chomhairle do na Ballstáit nach bhfuil páirteach faoi láthair i ngluaiseacht SUN nó nár thug gealltanais i dtaca leis an gcomhshocrú maidir leis an gcothú don fhás, molann sí dóibh tuilleadh a dhéanamh, nuair is féidir, chun íogaireacht i leith an chothaithe a áirithiú ina gcuid gníomhaíochtaí tosaíochta. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil an ailtireacht dhomhanda maidir leis an gcothú fós ina conamar agus molann sí do na gníomhaithe ábhartha uile, lena n-áirítear gníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha na Náisiún Aontaithe, dul i mbun oibre i dtreo comhthuiscint maidir leis na tionscnaimh éagsúla dhomhanda (SUN, Deich mBliana na Gníomhaíochta maidir leis an gCothú, an Coiste maidir le Sábháilteacht Sholáthar Bia an Domhain (CFS), Buanchoiste Chórais na Náisiún Aontaithe maidir leis an gCothú (UNSCN)), bunaithe ar na róil a bheidh acu faoi seach agus ar roinnt an tsaothair.

---

[5] Is é céad sprioc an Chomhthionóil Dhomhanda Sláinte 'líon domhanda na bpáistí faoi chúig bliana d'aois atá cranda a laghdú 40 %'. Tuigtear leis gur laghdú domhanda de 70 milliún páiste cranda atá i gceist (ó 171 milliún in 2010 go dtí tuairim is 103 milliún in 2025).

[6] Buircíne Fasó, an Bhurúin (cé go bhfuil oibríochtaí ar fionraí faoi láthair), Sead, an Daon-Phoblacht Dhaonlathach Laoch, an Mhaláiv, Mósaimbíc, an Nígir, an Éimin agus an tSiombáib.

6. Iarrann an Chomhairle ar an Aontas gona Bhallstáit an cothú a choimeád chun tosaigh ar chlár oibre an Aontais maidir le comhar um fhorbairt agus is díol sásaimh di an comhordú neartaithe idir an Coimisiún agus na Ballstáit le haghaidh sainmhíniú a dhéanamh ar thosaíochtaí agus ar chláir maidir leis an gcothú, agus béim á leagan aici ar an ngá atá le húinéireacht náisiúnta agus le pleananna náisiúnta. Molann an Chomhairle tuilleadh oibre freisin ar chomhtháthú beartas ar mhaithe le forbairt agus ar chomhoibriú níos dlúithe maidir le clársceidealú comhpháirteach i gcás inarb iomchuí, agus, lena chois sin, ar rianú na n-acmhainní agus ar fhaireachán na dtionchar.

7. Is cúis mhór imní don Chomhairle an gorta atá ann faoi láthair i roinnt tíortha san Afraic Thoir, san Éimin, agus sa Nigéir Thuaidh agus sa tSúdáin Theas, agus cuireann sí i bhfios go láidir gur féidir mórthionchar diúltach marthanach a bheith ag éigeandálaí daonnúla ar leanaí, ar chailíní ógánta agus ar mhná atá in aois atáirgthe. Is iomaí géarchéim a bhfuil an cothú ina chroíchuid di agus, dá bhrí sin, tá ríthábhacht le cur chuige atá íogair ó thaobh an chothaithe de maidir leis an gcabhair fhorbarthach agus leis an gcabhair dhaonnúil araon chun beatha daoine a shábháil agus chun teacht aniar na bpobal sin atá thíos leis a neartú. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt, ar bhealach iomlánaíoch, ar an míchothú ina iomad gné, agus dul i ngleic le cúiseanna agus le hairíonna an mhíchothaithe, agus cuireann sí i dtreis nach mór feabhas a chur ar an gcomhordú idir na hiarrachtaí faoisimh agus na hiarrachtaí forbartha, go háirithe i dtaobh an naisc idir an daonnúlacht agus an fhorbairt. Mar a chuir sí i dtreis sna conclúidí uaithi ar an Nasc idir an Chabhair Dhaonnúil agus an Fhorbairt a Oibríochtú[7], molann an Chomhairle do na gníomhaithe daonnúla agus do na gníomhaithe forbartha úsáid níos mó a bhaint as cur chuige comhtháite comhleanúnach. I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart don chomhrac i gcoinne an chrandaithe bheith ina phríomhghné den chur chuige comhcheangailte i ngéarchéimeanna marthanacha. Cuireann an Chomhairle i dtreis freisin a thábhachtaí atá na cláir bia scoile lena gcabhraítear le tairbhí iomadúla a chur ar fáil d'fonn tacú le cothú agus le hoideachas na luath-óige.

[7] 9383/17.

8. Aithníonn an Chomhairle an ról ríthábhachtach a bhíonn ag mná agus cailíní sa tsochaí, go sonrach i réimse na talmhaíochta áit ar mná 50 %, ar a laghad, d'fheirmeoirí a bhfuil gabháltas beag acu, agus gur bac fós ar an gcothú an éagothroime inscne. Ba cheart béim ar leith a leagan ar ghníomhaíochtaí agus ar bheartais atá íogair ó thaobh inscne de. Ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe chuimsitheach, ní mór tabhairt faoin tearc-chothú agus faoin éagothroime inscne le chéile chun éifeachtacht na n-infheistíochtaí a áirithiú ina hiomláine. Molann an Chomhairle go n-aithneofaí an luach straitéiseach atá ag laghdú an chrandaithe mar eochairtháscaire chun measúnú a dhéanamh ar thairbhí an fháis agus ar a chuimsitheacht. Maidir lena gcuid oibre amach anseo, molann an Chomhairle scór i ndáil le héagsúlacht íosta cothaithe maidir le mná (MDD-W) a úsáid i gclársceidealú an Choimisiúin agus na mBallstát maidir leis an gcothú trí idirghabháil sa talmhaíocht agus sa chórais bia, mar go dtugann sé modh nithiúil chun dul i ngleic leis an gcothú agus leis an éagothroime inscne i gcomhthéacs na cabhrach seachtraí, sna hionstraimí éagsúla cistiúcháin agus sna hearnálacha éagsúla.

9. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé oibriú leis an tsochaí shibhialta, le heagraíochtaí feirmeoirí agus leis an earnáil phríobháideach, lena n-áirítear trí ardáin cothaithe il-gheallsealbhóirí, agus na comhiarrachtaí a chomhordú i dtaca le pleananna gníomhaíochta náisiúnta costáilte maidir leis an gcothú. Tá géarghá le réitigh iomchuí, idir reachtaíocht agus chreata agus sásraí rialála, chun a áirithiú go mbeidh an tacaíocht don chothú ina tosaíocht náisiúnta do thíortha comhpháirtíochta, tosaíocht a chomhtháthófar i mbuiséid náisiúnta agus dá gcaithfear tuilleadh acmhainní baile a chur ar fáil di, i gcomhréir le Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa. Formhuiníonn an Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh cheana féin i ndáil leis an earnáil phríobháideach a ghiaráil trí infheistíochtaí an Aontais i dtreisiú an bhia, agus iarrann sí ar an gCoimisiún leanúint den obair sin, trí rannpháirtíocht na hearnála príobháidí in earnáil na talmhaíochta agus trí shlabhraí luacha cuimsitheacha agus slabhraí luacha atá íogair ó thaobh cothaithe de, a chur chun cinn ar bhealach trédhearcach freagrach, i gcomhréir le prionsabail éifeachtacht na forbartha.

10. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint de thuarascálacha bliantúla a sholáthar maidir le faireachán ar chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta maidir le Cothú, chomh maith lena áirithiú go ndéanfar anailís leanúnach ar an dul chun cinn a rinneadh i gcomparáid leis na gealltanais airgeadais maidir leis an gCothú don Fhás trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht chomhchoiteann i dtaca le hacmhainní a rianú ar comhaontaíodh deontóirí SUN[8] uirthi in 2013. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún modheolaíocht a fhorbairt a chuirfidh feabhas ar an tuiscint atá ann maidir leis an tionchar a bhíonn ag cistiú an Aontais, as féin, ar laghdú an chrandaithe ar leibhéal na tíre sna tíortha tosaíochta, agus aird a dhíriú ar na torthaí sa tríú tuarascáil ar an dul chun cinn.

11. Iarrann an Chomhairle freisin ar na Ballstáit, go háirithe orthu siúd a thug gealltanais i gComhshocrú 2013 maidir le Cothú don Fhás, leanúint de thuarascálacha rialta a ullmhú maidir lena ngealltanais airgeadais tríd an Tuarascáil Bhliantúil maidir le Cothú Domhanda (GNR). Iarrann an Chomhairle freisin ar an gCoimisiún leanúint de bheith ag tacú leis an obair ar GNR.

---

[8] Féach mír 20: http://scalingupnutrition.org/wp-content/uploads/2014/04/140417-State-of-the-SUN-Movement-Progress-Report-ENG.pdf